Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8980/25**
**ADD 1**

**ENV 342**
**ENT 68**
**COMPET 370**
**IND 142**
**SAN 221**
**CONSOM 84**
**MI 302**
**CHIMIE 33**
**DELACT 59**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2887 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dechlorane plus |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 48 final – ANNEX

---

Faoi iamh: C(2025) 2887 final - Annex

.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.5.2025
C(2025) 2887 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dechlorane plus**

**IARSCRÍBHINN**

I gCuid A d'Iarscríbhinn I, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Substaint | Uimh. C AS | Uimh. C E | Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile |
|---|---|---|---|
| 'Dechlorane plus'<br>Le 'Dechlorane plus' áirítear a shinisiméir agus a fhrithisiméir | 13560-89-9<br>135821-03-3<br>135821-74-8 | 236-948-9 | 1. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag Airteagal 4(1), pointe (b), maidir le tiúchain dechlorane plus:<br>(a) atá cothrom le 1 000 mg/kg (0,1 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí go dtí [*Oifig na bhFoilseachán*: cuir isteach an dáta 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].<br>(b) atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun i gcás ina bhfuil siad i substaintí, meascáin nó earraí tar éis [*Oifig na bhFoilseachán*: cuir isteach an dáta 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].<br>2. De mhaolú air sin, ceadófar dechlorane plus a chur ar an margadh agus a úsáid chun na gcríoch seo a leanas:<br>(a) feidhmchláir aeraspáis, spáis agus chosanta, go dtí an [*Oifig na bhFoilseachán*: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br>(b) feidhmchláir íomháithe leighis, go dtí an [*Oifig na bhFoilseachán*: cuir isteach an |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br><br>(c) feistí agus suiteálacha radaiteiripe, go dtí an [*Oifig na bhFoilseachán*: cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];<br><br>(d) páirteanna spártha le haghaidh aon cheann de na nithe seo a leanas agus chun aon cheann de na nithe sin a dheisiú:<br><br>(i) mótarfheithiclí talún;<br><br>(ii) meaisíní tionsclaíocha seasta le húsáid sa talmhaíocht, san fhoraoiseacht, agus san earnáil tógála;<br><br>(iii) trealamh cumhachta lasmuigh muirí, gairdín agus foraoiseachta nach gcumhdaítear faoi (ii);<br><br>(iv) feidhmchláir aeraspáis, spáis agus chosanta;<br><br>(v) uirlisí anailíse, tomhais, rialaithe, faireacháin, tástála, táirgeachta agus cigireachta;<br><br>i gcás inar úsáideadh dechlorane plus ina dtáirgeadh ar dtús, go dtí deireadh a ré feidhme nó go dtí an 31 Nollaig 2043, cibé acu is túisce.<br><br>(e) páirteanna spártha le haghaidh aon cheann de na nithe seo a leanas agus chun aon cheann de na nithe sin a dheisiú:<br><br>(i) feistí agus gabhálais leighis le haghaidh feistí leighis a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/745; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | (ii) feistí agus gabhálais leighis dhiagnóiseacha *in vitro* le haghaidh feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2017/746;<br>i gcás inar úsáideadh dechlorane plus ina dtáirgeadh ar dtús, go dtí deireadh a ré feidhme.<br>3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le síneadh na ndíolúintí sonracha i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2 faoin 1 Aibreán 2028 ar a dhéanaí.<br>4. Earraí ina bhfuil dechlorane plus agus atá in úsáid cheana féin san Aontas roimh dháta éaga na díolúine ábhartha a leagtar síos i mír 2(a) go (d), nó ar an dáta sin, féadfar leanúint dá n-úsáid.<br>5. Maidir le páirteanna spártha ina bhfuil dechlorane plus dá dtagraítear i mír 2, pointe (d)(iv) atá i gcríoch an Aontais roimh an 31 Nollaig 2043 nó ar an dáta sin, ceadófar iad a chur ar an margadh agus a úsáid. |